



An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0039(COD)

6425/23
ADD 2

CODEC 189
ESPACE 5
RECH 45
COMPET 108
IND 53
EU-GNSS 8
TRANS 60
AVIATION 34
MAR 22
TELECOM 40
MI 113
CSC 77
CSCGNSS 2
CFSP/PESC 280
CSDP/PSDC 130

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027(an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráitis

Ráiteas ón gCoimisiún

Mhol an Coimisiún Clár Nascachta Slán an Aontais an 15 Feabhra 2022. Léirigh ionradh na Rúise ar an Úcráin seachtain ina dhiaidh sin agus léirigh na himeachtaí ó shin go bhfuil gá le nascacht shlán fheabhsaithe san Aontas agus le dlús a chur le cur chun feidhme an chlár. Dá bhrí sin, go dtí go nglacfar go foirmiúil é, tá cur chun feidhme cuid de na gníomhaíochtaí a bhaineann le nascacht shlán de chuid den chlár nua a d'fhéadfaí a choinneáil faoi na gníomhartha dlíthiúla atá ann cheana tugtha chun cinn ag an gCoimisiún, agus a éilíonn céim dhian forbartha, go háirithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus faoin gClár don Eoraip Dhigiteach (DIGITAL).

Tá roinnt glaonna faoi chlár oibre 2021 agus 2022 de chuid DIGITAL agus faoin tsraith dhigiteach de SCE ar na gníomhaíochtaí a ghlacfaidh Clár Nascachta Slán an Aontais ar láimh níos déanaí faoi chuspóir an bhonneagair cumarsáide candamaí. Cuirfear tús le deontais do thairbhíthe a shíniú ó dheireadh 2022 agus ó 2023 amach. Is é EUR 260 milliún an méid iomlán a leithdháileadh cheana féin ar ghníomhaíochtaí Cumarsáide Candamach faoi DIGITAL agus SCE in 2021 agus 2022. Ós rud é go bhfuil suim EUR 260 milliún ó DIGITAL agus SCE curtha chun feidhme cheana, bainfear é ó imchlúdach airgeadais Chlár Nascachta Slán an Aontais don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an méid foriomlán a chaitear ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le nascacht shlán le linn an CAI seo ag EUR 2.4 billiún. Ní athróidh ach an dáileadh idir na méideanna atá le cur in áirithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus DIGITAL agus línte buiséid an chlár nua.

Ráiteas ó Phoblacht na Gréige

Thacaigh an Ghréig go mór le tionscnamh nascachta slán an Choimisiúin ón tús agus is díol sásaimh di gur tugadh chun críche go pras an Rialachán lena mbunaítear Clár Nascachta Slán an Aontais don tréimhse 2023-2027 agus, tá súil againn, don tréimhse ina dhiaidh sin.

Is príomhthosaíocht pholaitiúil don Ghréig í an nascacht agus tá sé sin léirithe ina clár RRF. Trí spás agus bonneagar trastíre a chumasc, is féidir nascacht a chur ar fáil ar bhealach slán athléimneach, rud atá riachtanach dár rialtais, dár ngeilleagar agus dár sochaí. Tá a córas GOVSATOM féin (“GreeCom”) ag an nGréig, glacann sí páirt ghníomhach i gclár an Aontais amhail Galileo, Copernicus agus EuroQCI, tá sé ar cheann de chomhaltaí Chuibhreannas SST agus tá tionscadal náisiúnta micrisatailíte seolta aici arb é is aidhm dó rannpháirtíocht na ngníomhaithe spáis uile a neartú agus a uasmhéadú, a bonneagar a úsáid agus a leathnú agus freagairt do na riachtanais maidir le nascacht shlán.

Den mheon sin, cuireann an Ghréig i dtreis gur gá leithdháileadh cothrom acmhainneachtaí Chlár Nascachta Slán an Aontais a áirithiú i measc na mBallstát agus cuireann sí i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé idir-inoibritheacht agus comhlántacht Chlár an Aontais a ráthú leis na gníomhaíochtaí, na hacmhainní agus an bonneagar ábhartha náisiúnta le linn ullmhú, fhorbairt, chur chun feidhme agus réachtáil an Chláir.

Ráiteas ó Phoblacht na Cróite

Cuireann Poblacht na Cróite in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Nascachta Slán an Aontais don tréimhse 2023-2027.

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den Treoir a athdhearbhú, i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla ‘cyber’ agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis¹, ceist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den Treoir, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i cibir-reachtaíocht na Cróite agus san úsáid ghairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d’fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí don chibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a chur chun cinn agus leanann sí de bheith ag tacú le glacadh an Treoir.

¹ Is é ‘kibernetički’ an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é ‘kiber-’ an téarma a úsáidtear sa Treoir.